Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**11280/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0103(NLE)**

**IPCR 73**
**PROCIV 147**
**FORETS 102**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le bainistiú comhtháite ar riosca falscaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo an Moladh ón gComhairle maidir le bainistiú comhtháite ar riosca falscaithe, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 4188ú cruinniú dá cuid, an 29 Meitheamh 2026.

**IARSCRÍBHINN**

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le bainistiú comhtháite ar riosca falscaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 192, agus 196 i gcomhar le hAirteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le blianta beaga anuas, agus go mór mór le linn samhradh na bliana 2025, bhí roinnt falscaithe tromchúiseacha ar fud na hEorpa, rud a chuir i dtábhacht an géarghá atá le gníomhú in aghaidh na guaise seo atá ag dul i méid. Cé gur cuireadh dlús le hiarrachtaí maidir le cosc agus ullmhacht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, bhí an limistéar dóite carnach san Aontas Eorpach níos mó ná aon mhilliún heicteár den chéad uair, agus gníomhachtaíodh Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta[1] níos minice ná riamh chun tacaíocht comhraic dóiteáin a chur ar fáil do na Ballstáit.

[1] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta.

(2) Le blianta beaga anuas, tá méadú mór tagtha ar riosca na bhfalscaithe ar fud an Aontais. As na 5 bliana deiridh, bhí an limistéar dóite os cionn an mheáin i gceithre cinn de na blianta sin; tá na falscaithe ag éirí níos déine agus níos mó agus na limistéir atá neamhchosanta ar an riosca sin ag leathnú i ngeall ar an athrú aeráide. Is measa fós é ós rud é go bhfuil dóiteáin mhóra mhillteacha ar deacair iad a cheansú trí mhodhanna traidisiúnta comhraic dóiteáin, ag tarlú níos minice i roinnt limistéir gheografacha, treocht a mheastar a leanfaidh ar aghaidh.

(3) Is dúshlán casta iad falscaithe, atá in ann damáiste forleathan a dhéanamh don tsochaí, don gheilleagar, don chomhshaol, don aeráid, don bhonneagar agus don oidhreacht chultúrtha. Ag brath ar dhálaí réigiúnacha agus áitiúla agus ar mhéid an teagmhais dóiteáin féin, d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le bás agus le caillteanas slite beatha, le damáiste suntasach do mhaoin agus do bhonneagar agus sciorrthaí talún, meath ar cháilíocht an aeir agus díghrádú éiceachóras, rud a mbeadh tionchar diúltach aige ar thalmhaíocht agus foraoiseacht, ar shláinte agus sábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an mheabhairshláinte, agus ar acmhainní uisce óil.

(4) Cúinsí difriúla, ach i bpáirt, is cúis le riosca méadaithe na bhfalscaithe – go háirithe an t-athrú aeráide agus athruithe ar bhainistiú talún. Mar thoradh ar an athrú aeráide, bíonn tonnta teasa agus triomach níos minice agus níos déine ann, rud a fhágann go mbíonn fásra tirim ann ar breosla é d'fhalscaithe, agus de bharr téamh domhanda breise, meastar go rachaidh na dálaí sin in olcas, rud a dhéanfaidh difear do chodanna níos mó den Eoraip freisin. Ag an am céanna, mar thoradh ar thréigean talún, bánú tuaithe agus i roinnt réigiún bainistiú neamhleor talún agus foraoisí mar aon le dálaí aeráide atá ag athrú, tá carnadh bithmhaise agus leanúnachas fásra ann. Mar gheall air sin, in éineacht le leathnú na limistéar uirbeach isteach i bhforaoisí agus ar fhiathalamh, fágtar daoine agus bonneagar gan chosaint ar rioscaí falscaithe méadaitheacha.

(5) Is é an duine agus gníomhaíochtaí daonna is cúis le formhór mór na n-adhaintí falscaithe san Aontas, lena n-áirítear trí fhaillí, coirloscadh agus splancacha a bhaineann le bonneagar.

(6) Is é is aidhm do chur chuige uile-rialtais rialachas comhtháite comhordaithe a bhaint amach ar gach leibhéal, rud a d'fhéadfadh rannchuidiú le riosca falscaithe a bhainistiú go héifeachtach.

(7) Is iad na Ballstáit, na húdaráis réigiúnacha agus na bainisteoirí talún go príomha atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar riosca falscaithe agus cuireann an tAontas tacaíocht ar fáil trí chistiú, sonraí, comhordú agus comhroinnt eolais. Fágann tírdhreacha, struchtúir foraoise agus dálaí aeráide éagsúla na hEorpa nach mór bainistiú riosca falscaithe a oiriúnú go háitiúil agus tairbhe a bhaint as tacaíocht chomhordaithe ón Aontas an tráth céanna.

(8) Chun dul i ngleic leis an riosca falscaithe méadaitheach ar bhealach níos éifeachtaí, tá gá le cur chuige comhtháite lena gcumhdaítear an timthriall bainistithe riosca tubaistí ina iomláine, lena n-áirítear cosc, ullmhacht, freagairt agus téarnamh. Ba cheart na gnéithe éiceolaíocha, sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha d'fhalscaithe a chur san áireamh ann freisin.

(9) Ós rud é go bhfuil falscaithe an-mhór ag tarlú níos minice agus gur deacair iad a rialú, ní mór na cumais freagartha a neartú trí fheabhas a chur ar chomhordú, idir-inoibritheacht, oiliúint, trealamh agus cumais anailíseacha chomh maith le hacmhainní agus saineolas a bheith á gcomhroinnt ag na Ballstáit.

(10) Chuige sin, d'fhéadfadh sé go dteastódh rialachas neartaithe chun comhordú beartais a áirithiú ar fud leibhéil éagsúla riaracháin, chomh maith le cistiú níos comhtháite agus slógadh infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha ag gach céim den timthriall bainistithe riosca.

(11) Leis an téarnamh iardhóiteáin, ba cheart féachaint lena áirithiú go n-athchóireofar éiceachórais agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad, chomh maith le geilleagair áitiúla talmhaíochta agus foraoiseachta agus go dtiocfadh na pobail agus na slite beatha dá ndearnadh difear chucu féin ar bhealach lena gcuirfí cosc ar dhíghrádú fadtéarmach agus lena dtacófaí le húsáid inbhuanaithe talún, agus dálaí aeráide a bheidh ann amach anseo á gcur san áireamh[2]. Leis na hiarrachtaí téarnaimh, a dtacaítear leo trí rochtain shimplithe ar chistiú, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar thionchair falscaithe ar na pobail agus ar phearsanra freagartha atá buailte. Ní mór feabhas a chur freisin ar bhailiú sonraí maidir le tionchair falscaithe ionas go mbeifear in ann an caillteanas comhshaoil, sochaíoch agus eacnamaíoch a chainníochtú, rud a thacóidh leis an mbainistiú riosca amach anseo.

(12) Braitheann rioscaí falscaithe den chuid is mó ar an gcaoi a mbainistítear talamh. I roinnt réigiún, mar thoradh ar bhánú na tuaithe agus ar thréigean talún, carntar bithmhais agus cruthaítear tírdhreacha a bhfuil seans an-láidir ann go dtarlódh iompraíocht olldóiteáin. Trí shlabhraí luacha bithbhunaithe inmharthana a fhorbairt i ndáil le bithgheilleagar inbhuanaithe bunaithe ar an bhforaoiseacht, cruthaítear dreasachtaí eacnamaíocha le haghaidh bainistiú gníomhach inbhuanaithe ar fhoraoisí, rud atá fíor-riachtanach chun riosca falscaithe a laghdú in imeacht aimsire agus ar fud limistéir mhóra. Tá laghdú tagtha ar chleachtais thraidisiúnta lena laghdaítear an t-ualach breosla, amhail loscadh forordaithe agus innilt fhairsing, ach ba cheart iad a spreagadh, i gcás inarb iomchuí, mar chuid lárnach den bhainistiú talún agus foraoisí ar an leibhéal áitiúil, chomh maith le hidirghabhálacha gníomhacha inbhuanaithe bainistithe ar fhoraoisí amhail oibríochtaí um réiteach talún de láimh nó de ghaireas mótarthrealmhaithe, tanúchán, prúnáil, agus éagsúlú speiceas. Is féidir le tírdhreacha níos éagsúla ina bhfuil foraoisí, féarthailte, talamh curaíochta agus bogaigh moill a chur ar leathadh dóiteán agus an dóchúlacht go dtarlóidh mórdhóiteáin a laghdú.

---

[2] mar a thugtar tuairisc air inter alia sa nóta ón Airmheán Comhpháirteach Taighde ó 2026, *Forest resilience against wildfires* [Athléimneacht na foraoise in aghaidh falscaithe], https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC145919.

(13) Tá bainistiú oiriúnaitheach talún agus pleanáil chomhtháite iomlánaíoch tírdhreacha agus úsáide talún fíor-riachtanach chun tírdhreacha ilfheidhmeacha atá athléimneach in aghaidh dóiteán a chruthú. Áirítear leis sin bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, tacaíocht do shlite beatha tuaithe agus bearta spriocdhírithe ag comhéadan na fiathalún agus na talún uirbí, inar féidir le bearta coisc na rioscaí falscaithe a laghdú go mór.

(14) Le cosaint an dúlra agus athchóiriú éiceachóras díghrádaithe, draenáilte, ilroinnte nó athraithe ar bhealach eile, féadfar cur le bainistiú riosca falscaithe trí éiceachórais a dhéanamh níos athléimní agus tríd an riosca agus tionchair teagmhas foircneach a laghdú. Ach bogaigh, portaigh, aibhneacha agus tuilemhánna a athchóiriú, féadfar, i gcás inarb iomchuí, bearnaí nádúrtha san fhásra a chruthú – mar a bheadh sciath thine ann – a chuideodh le timthriallta hidreolaíocha a chobhsú, agus ar an gcaoi sin rioscaí falscaithe a laghdú. Dá bhrí sin, tá forluí idir cuspóirí bithéagsúlachta, athléimneachta uisce agus cuspóirí na bainistithe riosca falscaithe agus ba cheart iad a shaothrú ar bhealach sineirgisteach a thacaíonn lena chéile.

(15) Tá dúshláin mhóra roimh fhaireachán ar fhalscaithe agus measúnú riosca san Aontas, lena n-áirítear easnaimh réigiúnacha maidir le hinfhaighteacht sonraí, comhsheasmhacht agus comhtháthú trasteorann agus comhtháthú neamhleor rioscaí cascáideacha amhail sciorrthaí talún, truailliú aeir agus creimeadh ithreach. Cuireann sé sin teorainn le héifeachtacht an choisc, na hullmhachta agus na freagartha.

(16) Chun an ullmhacht a fheabhsú trí mhodhanna measúnaithe riosca falscaithe a neartú, trí chórais luathrabhaidh a fheabhsú agus trí chumais samhaltaithe iompraíochta dóiteáin a leathnú, ba cheart úsáid níos fearr agus níos córasaí a bhaint as na sonraí agus na huirlisí atá ar fáil chun tacú le cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe.

(17) Féadfar riosca na bhfalscaithe a laghdú trí fheasacht an phobail a mhúscailt agus athruithe iompraíochta a spreagadh, i measc nithe eile trí rochtain níos éasca a thabhairt ar fhaisnéis faoi rioscaí dóiteáin. Tá straitéisí cumarsáide spriocdhírithe agus cineálacha cur chuige cuimsitheacha de dhíth lena gcuirtear grúpaí leochaileacha agus comhthéacsanna sóisialta éagsúla san áireamh.

(18) Ba cheart ullmhacht na bpobal i ndáil le falscaithe a neartú ar bhealach rannpháirteach, ina mbeidh feirmeoirí, foraoiseoirí, údaráis áitiúla, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara eile rannpháirteach, agus trí ghníomhaíochtaí oideachais, oiliúna agus múscailte feasachta.

(19) Is feiniméan domhanda iad falscaithe a éilíonn comhar réigiúnach agus idirnáisiúnta, go háirithe le tíortha comharsanacha an Aontais. Le tionscnaimh réigiúnacha, amhail Stáisiún Réigiúnach na Cipire um Aerchomhrac Dóiteáin, d'fhéadfaí comhar idir na Ballstáit a chur chun cinn a thuilleadh i réimse an bhainistithe riosca falscaithe. Ba cheart tionscnaimh eile lena gcuirtear comhar idir na Ballstáit chun cinn i réimse an bhainistithe riosca falscaithe a mheas in áiteanna eile san Aontas.

(20) D'fhéadfadh bearta amhail athbhreithnithe piaraí, misin chomhairleacha, malartuithe saineolaithe agus réamhshuíomh sócmhainní comhraicthe dóiteáin cuidiú le borradh a chur faoin idir-inoibritheacht, faoin bhfeasacht staide agus faoi ullmhacht an chéad fhreagróra. Spreagfadh siad freisin tiomantas níos láidre agus comhordú níos fearr idir na Ballstáit.

(21) Chun úsáid éifeachtach a bhaint as, ní mór comhordú níos fearr a dhéanamh ar chistiú ón Aontas, tacaíocht theicniúil agus faisnéis fíor-ama agus comhroinnt sonraí – go háirithe maidir le hiompraíocht falscaithe. Ina theannta sin, i gcás inarb iomchuí, d'fhéadfaí feabhas a chur ar an gcinnteoireacht trí chomhthuiscint a éascú ar straitéisí agus ar phleananna gníomhaíochta náisiúnta agus réigiúnacha maidir le bainistiú riosca falscaithe. Is féidir le sonraí, uirlisí agus seirbhísí an Aontais, amhail iad siúd arna soláthar ag an gCóras Eorpach Faisnéise maidir le Dóiteáin Foraoise (EFFIS), arna n-oibriú faoi sheirbhís bainistithe práinne Copernicus[3], tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar fhaireachán, mapáil agus measúnú riosca ar fhalscaithe, agus is féidir le harduirlisí samhaltaithe agus réamhaisnéise amhail Destination Earth feabhas a chur ar shamhaltú riosca falscaithe agus fadbhreathnaitheacht.

(22) Le hionstraimí de chuid an Aontais, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[4], cuirtear tacaíocht ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme, rialachas a neartú agus acmhainneacht a fhothú i réimse an bhainistithe riosca falscaithe.

(23) Le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, lena n-áirítear an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta, rescEU agus an Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta, féadfar cosc, ullmhacht agus freagairt a neartú trí chomhar, oiliúint, malartú saineolais, cuir in úsáid acmhainní agus comhroinnt dea-chleachtas idir na Ballstáit a éascú.

---

[3] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE.

[4] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

(24) Le taighde agus nuálaíocht lena dtacaítear ar leibhéal an Aontais, mar shampla tríd an gclár Fís Eorpach[5], rannchuidítear le teicneolaíochtaí nua, réitigh oibríochtúla agus teicnící bainistithe talún a fhorbairt. Mar sin féin, d'fhéadfaí feabhas a chur ar ghlacadh agus oibríochtú na dtorthaí sin i mbainistiú riosca falscaithe.

(25) Agus an Moladh seo á chur chun feidhme, ba cheart aird chuí a thabhairt ar phróifílí éagsúla riosca falscaithe, nósmhaireacht úsáide-talún agus córais rialachais na mBallstát.

AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS:

Bearta chun falscaithe a chosc trí bhainistiú agus athchóiriú tírdhreach

1. Ba cheart do na Ballstáit sásraí dreasachta a neartú agus, i gcás inarb iomchuí, a leathnú chun tacú le bearta coisctheacha agus athchóirithe a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe talún i réigiúin ina bhfuil baol dóiteáin agus an timthriall bainistithe riosca iomlán á chur san áireamh, agus rochtain agus úsáid éifeachtach na n-ionstraimí cistiúcháin de chuid an Aontais atá ar fáil faoina mbainistíocht a éascú.

---

[5] Rialachán (AE) Uimh. 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013.

2. Ba cheart do na Ballstáit bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur chun cinn a thuilleadh i gcomhréir le critéir agus táscairí arna sainiú ag an gComhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip (Forest Europe) agus sa chomhthéacs sin, i gcás inarb ábhartha agus inar féidir, lena n-áirítear trí phleananna áitiúla um bainistiú coisctheach do limistéir faoi chrainn neamhchosanta, trí struchtúir éagsúla foraoise a chur chun cinn, agus i gcás inar féidir, trí úsáid a bhaint as roghanna malartacha ar fháschoillte monashaothraithe de speicis an-inadhainte.

3. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh na Ballstáit ualaigh breosla a mhapáil agus treoirlínte agus uirlisí maidir le bainistiú ualaigh breosla arna n-oiriúnú go háitiúil a tharraingt suas agus dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, úinéirí agus bainisteoirí foraoisí agus na húdaráis áitiúla san obair sin. I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit féachaint ar loscadh forordaithe nó rialaithe, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le ceanglais náisiúnta dhlíthiúla agus sábháilteachta, mar bhealach chun an t-ualach breosla i mbainistiú talún agus foraoise a laghdú agus, i gcás inarb iomchuí, athbhreithniú a dhéanamh ar a rialacha ceadaithe chun coimircí iomchuí sábháilteachta agus éiceolaíocha a áirithiú.

4. I gcomhréir lena bpleananna straitéiseacha faoin gcomhbheartas talmhaíochta[6], ba cheart do na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, dúshláin shonracha falscaithe a chur san áireamh agus glaonna á n-eisiúint acu ar thograí le haghaidh réitigh shaincheaptha maidir le bainistiú comhtháite ar riosca falscaithe faoi na Comhpháirtíochtaí Eorpacha um Nuálaíocht (CEN-Talmhaíocht).

5. Ba cheart do na Ballstáit an riosca falscaithe a chur san áireamh agus pleananna agus straitéisí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla um chaomhnú an dúlra á bhforbairt acu, lena n-áirítear pleananna athchóirithe náisiúnta agus pleananna bainistíochta um limistéir faoi chosaint, agus nuair a bheidh bearta maolaithe agus oiriúnaithe don athrú aeráide á gcur chun feidhme acu. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart cuspóirí caomhnaithe agus athchóirithe bithéagsúlachta a mheas sa phleanáil maidir le bainistiú riosca falscaithe, agus dálaí aeráide amach anseo á gcur san áireamh freisin. Agus an leibhéal riosca á chur san áireamh, ba cheart béim a leagan ar bhearta lena gcuirtear cosc ar riosca falscaithe agus lena gcuirtear cosaint agus athbhunú an dúlra chun cinn agus é á aithint go bhféadfadh éiceachórais shláintiúla, éagsúla agus dhea-bhainistithe riosca a laghdú agus tacú leis an téarnamh.

6. Moltar do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun bogaigh, portaigh, aibhneacha agus tuilemhánna a athchóiriú, rud a chuidíonn freisin le rioscaí falscaithe a laghdú agus, i gcás inarb iomchuí, le bainistiú riosca falscaithe a chomhtháthú ina mbeartais bainistithe uisce.

7. Moltar do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, bearta nuálacha talamhbhunaithe chun falscaithe a chosc a chur chun feidhme, lena n-áirítear réitigh dhúlrabhunaithe, agus cleachtais éifeachtacha san fheirmeoireacht inbhuanaithe agus sa bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus oiriúnú don athrú aeráide, ar cleachtais iad a léiríodh go rathúil, lena n-áirítear i dtionscadail éagsúla arna gcistiú ag an Aontas.

[6] Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013.

Bearta chun ullmhacht a neartú trí shonraí agus taighde níos fearr

8. Moltar do na Ballstáit a bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i gcur chun cinn Destination Earth, mar shampla trí chásanna úsáide píolótacha le haghaidh samhaltú riosca falscaithe agus fadbhreathnaitheachta.

9. Ba cheart do na Ballstáit úsáid níos fearr agus níos córasaí a bhaint as uirlisí agus sonraí an Aontais, lena n-áirítear Seirbhísí Copernicus agus EFFIS, i gcás inarb iomchuí, agus i gcomhlántacht le córais náisiúnta agus réigiúnacha, chun tacú le bainistiú riosca falscaithe fianaisebhunaithe, le luathrabhadh agus le cinntí maidir le cistiú tionscadal.

10. Ba cheart do na Ballstáit a measúnuithe riosca falscaithe a thabhairt cothrom le dáta i gcás inarb iomchuí agus, cur leis na modheolaíochtaí atá ann cheana, úsáid a bhaint as uirlisí anailíse feabhsaithe ar iompraíocht dóiteáin chun réimsí tosaíochta a ainmniú le haghaidh coisc agus ullmhachta, lena n-áirítear freisin le haghaidh réimsí ina bhfuil an dúlra, an áineas, an tithíocht, an bonneagar criticiúil agus na gréasáin iompair fite fuaite go dlúth.

11. Ba cheart do na Ballstáit cumais anailíse iompraíochta falscaithe agus córais tacaíochta cinntí a fhorbairt i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla náisiúnta, lena n-áirítear úsáid a bhaint as uirlisí nuálacha chun críoch bainistithe riosca falscaithe.

12. Ba cheart do na Ballstáit imscrúdú breise a dhéanamh ar na cúiseanna atá le falscaithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar thosca adhainte agus ar ról an phobail.

13. Moltar do na Ballstáit leanúint den taighde ar chleachtais bainistithe talún chun dóiteáin a chosc, go háirithe maidir le bainistiú foraoisí, caomhnú agus athchóiriú éiceachórais, innilt agus agrafhoraoiseacht.

14. Ba cheart do na Ballstáit, de réir mar is gá, marana a dhéanamh ar úsáid níos mó a bhaint as na réitigh agus na huirlisí chun córais luathrabhaidh agus ullmhacht an phobail in aghaidh falscaithe a neartú, réitigh agus uirlisí a chuirtear ar fáil trí Mhisean an Aontais Eorpaigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide.

Feasacht an phobail agus bearta ullmhachta

15. Ba cheart do na Ballstáit feasacht a mhúscailt i gcás feirmeoirí, foraoiseoirí, bainisteoirí talún eile agus pobail áitiúla maidir le rioscaí adhainte dóiteáin agus bearta coisctheacha agus deis a thabhairt dóibh a bheith páirteach in uirlisí luathbhraite dóiteáin a fhorbairt agus a úsáid.

16. Ba cheart do na Ballstáit malartú rialta idir comhraiceoirí dóiteáin a spreagadh go gníomhach chun cultúr coiteann Eorpach ullmhachta a chur chun cinn.

17. Moltar do na Ballstáit féachaint an bhféadfaí cur leis an gcuraclam oideachais atá ann cheana le huirlisí nuálacha chun feasacht a mhúscailt sna leanaí agus san aos óg, amhail cluichí oideachais nó feachtais ar na meáin shóisialta agus ábhair ábhartha a chur ar fáil le haghaidh cláir oideachais agus feasachta poiblí.

18. Ba cheart do na Ballstáit oibreoirí turasóireachta, feirmeoirí, foraoiseoirí, bainisteoirí talún eile, na húdaráis áitiúla agus saineolaithe sábháilteachta dóiteáin a spreagadh dul i gcomhar chun turasóirí agus iad siúd a dhéanann spaisteoireacht sna foraoisí a chur ar an eolas faoi rioscaí.

19. Ba cheart do na Ballstáit tacú le leanúnachas gnó trí oiliúint d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a chur chun cinn agus trí chúnamh airgeadais spriocdhírithe a thairiscint tar éis tubaiste. Ba cheart dóibh árachóirí a spreagadh freisin ionas go mbeifear in ann éilimh a íoc go tapa.

20. I gcás inar gá, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh faisnéis ábhartha maidir le riosca falscaithe inrochtana go héasca agus cuimsitheach, lena n-áirítear dóibh siúd atá scothaosta, faoi mhíchumas nó a ndéantar idirdhealú, bochtaineacht nó eisiamh sóisialta orthu.

21. Ba cheart do na Ballstáit breithnithe maidir le bainistiú riosca falscaithe a chomhtháthú i gcaighdeáin tógála agus i gcinntí pleanála spásúlachta agus dul i gcomhairle freisin leis na húdaráis ábhartha chun aghaidh a thabhairt, mar shampla, ar bhainistiú rioscaí falscaithe ag comhéadan na fiathalún agus na talún uirbí.

22. Ba cheart do na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le pobail áitiúla i limistéir comhéadain fiathalún agus talún uirbí chun an ullmhacht i ndáil le riosca falscaithe a neartú. Anuas air sin, ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint, i gcás inarb iomchuí, as na huirlisí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais.

23. Moltar do na Ballstáit dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh maidir le feasacht pobail, bearta ullmhachta, cosc agus gníomhaíochtaí lena gcumhdaítear an timthriall bainistithe riosca tubaistí ina iomláine a chomhroinnt go gníomhach, lena n-áirítear tríd an Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta, trí chruinnithe maidir le ceachtanna a foghlaimíodh agus trí ghrúpaí saineolaithe ábhartha.

Bearta chun tacú le freagairt chomhordaithe

24. Ba cheart do na Ballstáit sonraí fíor-ama a bhailiú agus a chomhroinnt maidir le hiompraíocht falscaithe chun feabhas a chur ar anailís ar dhóiteáin. Ba cheart táscairí dóiteáin ábhartha a úsáid freisin i nósanna imeachta oibríochtúla inmheánacha chun cúnamh a iarraidh agus tacú le cinnteoireacht ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní arna slógadh go héifeachtúil.

25. Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as réamhshuíomh nó malartú saineolaithe agus foireann agus saineolaithe a chur ar fáil do Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta chun comhroinnt dea-chleachtas a chumasú. Ba cheart dóibh a gcumas tacaíochta óstnáisiúin a neartú freisin d'fhonn cúnamh idirnáisiúnta, arna chur ar fáil trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, a chomhtháthú ina gcóras freagartha náisiúnta.

26. Ba cheart do na Ballstáit sonraí ábhartha a bhailiú maidir le baill foirne comhraic dóiteáin agus measúnú a dhéanamh ar riachtanais lucht saothair agus ar riachtanais acmhainneachta oibríochtúla, agus aird chuí á tabhairt ar chineál séasúrach na ngníomhaíochtaí comhraic dóiteáin, chun a áirithiú go mbeidh lucht saothair atá den mhéid iomchuí agus dea-ullmhaithe ar fáil.

27. Agus comhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach de réir mar is ábhartha, ba cheart do na Ballstáit dálaí oibre sábháilte agus inbhuanaithe a chur ar fáil do chomhraiceoirí dóiteáin agus d'fhreagróirí eile de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear trí oiliúint leordhóthanach, trealamh cosanta agus tacaíocht sláinte coirp agus meabhairshláinte.

28. Ba cheart do na Ballstáit an comhordú idir leibhéil rialachais a neartú chun an fheasacht staide is fearr is féidir a áirithiú le linn éigeandálaí.

29. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sócmhainní leordhóthanacha ar fáil, lena n-áirítear úsáid a bhaint as cistí an Aontais, i gcás inarb iomchuí. I gcás inarb ábhartha, ba cheart d'úsáid chistí an Aontais cuidiú agus tacú le dáileadh geografach cothrom na sócmhainní ábhartha ar fud an Aontais, lena n-áiritheofar cumhdach leordhóthanach agus agaí freagartha i réigiúin uile an Aontais.

30. Ba cheart do na Ballstáit leanúint de shócmhainní agus saineolas comhraic dóiteáin a chur ar fáil don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta, i gcás ina bhfuil sé sin comhréireach lena bpróifíl riosca agus lena n-acmhainneachtaí. Tá feidhm aige sin, ach ní go heisiach, maidir le sócmhainní arna soláthar le tacaíocht ó chistiú ón Aontas.

31. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le hidir-inoibritheacht trealaimh comhraic dóiteáin a fheabhsú, lena n-áirítear téarmaíocht comhraic dóiteáin agus nósanna imeachta oibríochtúla, go háirithe i réigiúin trasteorann. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit féachaint le tacú le huathriail straitéiseach an Aontais ó thaobh cumais freagartha de.

Bearta téarnaimh iardhóiteáin

32. Ba cheart do na Ballstáit sonraí breise trasearnála agus sochdhéimeagrafacha a bhailiú chun tionchair fhisiceacha, airgeadais agus sláinte na bhfalscaithe a chainníochtú agus a mheasúnú, lena n-áirítear maidir le neamhchosaint oibríochtúil agus comhshaoil, más iomchuí.

33. Ba cheart do na Ballstáit bearta agus nósanna imeachta téarnaimh iar-thine a shainaithint, lena n-áirítear maidir le tacaíocht sláinte coirp agus meabhairshláinte, d'fhonn pobail áitiúla a threorú i dtreo téarnamh inbhuanaithe cuimsitheach, rud a chuideoidh lena áirithiú go mbeidh siad níos athléimní amach anseo.

Bearta chun rialachas agus cistiú a neartú

34. Ba cheart do na Ballstáit, de réir mar is gá agus aird ar leith á tabhairt ar chosc agus ar ullmhacht, cistiú fadtéarmach a phleanáil agus a chur ar fáil ag gach céim den timthriall bainistithe riosca falscaithe, agus moltar dóibh leas a bhaint as na deiseanna cistiúcháin atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis á sheachaint. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit feasacht a mhúscailt maidir leis na deiseanna cistiúcháin atá ar fáil.

35. Ba cheart do na Ballstáit marana a dhéanamh ar ghlacadh árachais phríobháidigh a dhreasú lena gcumhdaítear rioscaí falscaithe agus rioscaí aeráide eile chun caillteanais eacnamaíocha agus brú fioscach ó thubaistí a laghdú agus tacú leis an téarnamh, mar shampla trí aithint na mbeart oiriúnúcháin, ullmhachta agus coiscthe ag árachóirí a chur chun cinn agus préimheanna á socrú acu, trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó trí chomhroinnt riosca idir gníomhaithe eacnamaíocha, amhail aistrithe riosca chuig margaí caipitil.

36. Ba cheart do na Ballstáit straitéisí comhtháite agus pleananna gníomhaíochta maidir le bainistiú riosca falscaithe a fhorbairt atá saincheaptha d’imthosca réigiúnacha, náisiúnta nó áitiúla i gcomhar leis na húdaráis ábhartha.

37. Ba cheart do na Ballstáit glacadh le teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí nua agus iad a chur in úsáid, lena n-áirítear trí dheontais fothaithe acmhainneachta faoi chláir ábhartha de chuid an Aontais, más iomchuí.

38. Moltar do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as an tacaíocht a chuirtear ar fáil trí thionscnaimh de chuid an Aontais chun córais luathrabhaidh, measúnuithe riosca, eolas agus dea-chleachtais a mhalartú, ullmhacht an phobail agus aon réimse tosaíochta sainaitheanta eile a neartú.

Bearta chun rannpháirtíocht idirnáisiúnta a neartú

39. Ba cheart do na Ballstáit féachaint leis an gcomhar maidir le bainistiú riosca falscaithe le comhpháirtithe idirnáisiúnta a neartú a thuilleadh.

40. Moltar do na Ballstáit rannchuidiú le tionscnaimh agus sineirgí a chruthú chun tacú le tionscnaimh lena bhféadfaí comhar idir na Ballstáit a chur chun cinn a thuilleadh i réimse an bhainistithe riosca falscaithe.

41. Ba cheart do na Ballstáit comhoibriú a thuilleadh le Comhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip agus le Saoráid um Rioscaí Foraoise nuabhunaithe na Comhdhála sin agus comhoibriú, i gcás inarb iomchuí, le tionscnaimh idirnáisiúnta ábhartha, amhail an Mol Domhanda um Bainistiú Dóiteán arna fhorbairt go comhpháirteach ag an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) agus ag Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP), chun fothú acmhainneachta agus malartú eolais maidir le bainistiú comhtháite ar riosca falscaithe a chur chun cinn.

Arna dhéanamh i Lucsamburg,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*